**Cásanna Uamtha C-27/25 agus C-356/25**

**SU agus páirtithe eile**
**v**
**An Coimisiún Pleanála agus páirtithe eile**

(Iarrataí ar réamhrialú ón gCúirt Achomhairc (Éire) agus ón Ard-Chúirt (Éire))

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 16 Iúil 2026**

(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 92/43/CEE – Treoir 2009/147/CE – Gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú – Limistéir faoi chosaint speisialta – Measúnú iomchuí ar impleachtaí plean nó tionscadail ar dócha go mbeidh tionchar aige ar láithreán cosanta i bhfianaise chuspóirí maidir le caomhnú an láithreáin – Scagadh – Mainneachtain maidir le cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach le limistéar faoi chosaint speisialta a bhunú)

1. *Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú – Inghlacthacht – Coinníollacha – Ceisteanna a bhaineann le fíorais iarbhír nó le cuspóir na díospóide – Coinníoll comhlíonta – Cineál dearbhaitheach na caingne sna príomhimeachtaí – Easpa tionchar*
*(Airteagal 267 CFAE)*

(féach míreanna 29-37)

2. *Comhshaol – Treoir 92/43 – Treoir 2009/147 – Gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú – Limistéir chaomhantais speisialta – Oibleagáidí na mBallstát – Measúnú iomchuí ar na himpleachtaí do láithreán plean nó tionscadail – Measúnú i bhfianaise cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán – Easpa cuspóirí sonracha caomhnaithe arna mbunú le haghaidh limistéar faoi chosaint speisialta – Iarmhairt – Neamhfhéidearthacht na n-údarás náisiúnta measúnú iomchuí a dhéanamh go bailí ar impleachtaí plean nó tionscadail don láithreán sin*
*(Treoir 92/43 ón gComhairle, Airteagal 6(3))*

(féach míreanna 38-75, 84 agus an chuid oibríochtúil)

3. *Comhshaol – Treoir 92/43 – Treoir 2009/147 – Gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú – Limistéir chaomhantais speisialta – Oibleagáidí na mBallstát – Measúnú iomchuí ar na himpleachtaí do láithreán plean nó tionscadail – Scagadh ar an*

*ngá atá le measúnú a dhéanamh ar impleachtaí plean nó tionscadail do limistéar faoi chosaint speisialta – Easpa cuspóirí sonracha caomhnaithe arna mbunú don limistéar sin – Iarmhairtí – Easpa tionchar ar an measúnú i dtaobh an bhfuil baint ag an bplean nó ag an tionscadal le bainistiú an láithreáin lena mbaineann nó an bhfuil gá leis – Neamhfhéidearthacht na n-údarás náisiúnta measúnú a dhéanamh go bailí ar an dóchúlacht go mbeidh tionchar suntasach ar láithreáin faoi chosaint atá lonnaithe sa limistéar geografach ar dócha go ndéanfaidh an plean nó an tionscadal difear dó*
*(Treoir 92/43 ón gComhairle, Airteagal 6(3))*

(féach míreanna 76-84, agus an chuid oibríochtúil)

4. *Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú – Léiriú – Éifeachtaí ama na mbreithiúnas trí léiriú – Éifeacht chúlghabhálach – Teorannú ag an gCúirt – Coinníollacha – Baol deacrachtaí tromchúiseacha – Coinníoll neamhchomhlíonta*
*(Airteagal 267 CFAE)*

(féach míreanna 85-90)


**Résumé**

Agus tarchur chun réamhrialú á éisteacht aici, scrúdaíonn an Chúirt an bhféadfaidh na húdaráis náisiúnta measúnú iomchuí a dhéanamh go bailí ar impleachtaí plean nó tionscadail do láithreán Natura 2000 nó scagadh, de réir bhrí na Treorach maidir le Gnáthóga,[1] i gcás nár sainíodh na cuspóirí sonracha caomhnaithe don láithreán sin go fóill.

Le cinntí an 28 Meán Fómhair 2022 agus an 8 Samhain 2023, dheonaigh An Coimisiún Pleanála (Éire) ('an Bord') cead pleanála do thionscadail chun feirmeacha gaoithe a mhodhnú nó a fhorbairt gar don limistéar faoi chosaint speisialta ('LFCS') Blackwater Callows, arna n-ainmniú amhlaidh i gcomhréir leis an Treoir maidir le hÉin[2].

Ar dháta glactha na gcinntí sin, ní raibh cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach leis an LFCS Blackwater Callows leagtha síos ag Éirinn go fóill.

Ós rud é go ndearnadh agóid i gcoinne dhlíthiúlacht an dá chinneadh sin trí chaingean dlí, fiafraíonn cúirteanna na hÉireann atá ag éisteacht na gcaingne[3] den Chúirt an gá Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga a léiriú sa chaoi, in éagmais cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach leis an LFCS lena mbaineann, go bhféadfaidh údarás náisiúnta scagadh nó measúnú iomchuí a dhéanamh go bailí, agus scrúdú á dhéanamh aige ar iarratas ar thoiliú plean nó tionscadail, ar impleachtaí an phlean nó an tionscadail sin do shláine an LFCS sin.


[1] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO 1992 L 206, lch. 7, 'an Treoir maidir le Gnáthóga').

[2] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO 2010 L 20, lch. 7, 'an Treoir maidir le hÉin').

[3] I gCás C-27/25, is í an Chúirt Achomhairc (Éire) a rinne an iarraidh ar réamhrialú. I gCás C-356/25, is í an Ard-Chúirt (Éire) an chúirt a rinne an tarchur.

*Measúnú na Cúirte*

Faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, beidh aon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le bainistiú láithreáin faoi chosaint nó nach bhfuil gá leis ach ar dócha go mbeidh tionchar suntasach aige air, ina aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir measúnú iomchuí ar a impleachtaí don láithreán sin i bhfianaise chuspóirí maidir le caomhnú an láithreáin.

Dá bhrí sin, is léir ó fhoclaíocht shoiléir agus aonchiallach Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga nach mór an measúnú iomchuí a dhéanamh chun tacú leis na cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán. Dá bhrí sin, ní féidir measúnú den sórt sin a dhéanamh go bailí in éagmais cinneadh ar na cuspóirí sin.

Tacaítear leis an léiriú sin le comhthéacs reachtach na forála sin.

Ar an gcéad dul síos, ní ceanglas foirmiúil amháin é an ceanglas an measúnú iomchuí a dhéanamh i bhfianaise chuspóirí maidir le caomhnú an láithreáin faoi chosaint. Ina éagmais sin, ní chomhlíonfadh measúnú den sórt sin na ceanglais a leagtar síos leis an gcásdlí, ar dá réir nach féidir bearnaí a bheith sa mheasúnú sin agus nach mór torthaí agus conclúidí iomlána, beachta agus cinntitheacha a bheith ann lenar féidir deireadh a chur le gach amhras eolaíoch réasúnta maidir le héifeachtaí na saothar atá beartaithe ar an láithreán faoi chosaint lena mbaineann.

Ar an dara dul síos, is réamhchéim fhíor-riachtanach i gcur chun feidhme an nós imeachta measúnaithe é cinneadh na gcuspóirí caomhnaithe a bunaíodh roimhe seo agus a bhaineann go sonrach le gach láithreán faoi chosaint.

Tá feidhm ag na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 6(3) den Treoir sin maidir le LFCSanna a luaithe a aicmíonn na Ballstáit iad amhlaidh faoin Treoir maidir le hÉin.

Ina dhiaidh sin, meabhraíonn an Chúirt na cuspóirí a shaothraítear leis an Treoir sin, lena bhféachtar le stádas caomhantais fabhrach a áirithiú do gach speiceas agus cineál gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann léi.

In éagmais cuspóirí caomhnaithe lena léirítear go nithiúil an cuspóir ginearálta sin i ndáil leis an láithreán lena mbaineann, tá an measúnú iomchuí bunaithe ar bhonn nach bhfuil beacht ná iomlán go leor, a mbeadh sé d'éifeacht aige an baol a mhéadú go n-údarófaí pleananna nó tionscadail lena ndéantar dochar do shláine an láithreáin lena mbaineann.

Tagann an Chúirt ar an gconclúid nach féidir le húdarás náisiúnta, in éagmais glacadh roimh ré na gcuspóirí sonracha caomhnaithe arna mbunú don LFCS lena mbaineann, measúnú iomchuí a dhéanamh go bailí ar impleachtaí plean nó tionscadail ar shláine an limistéir sin.

Maidir le céim an scagtha ar éifeachtaí comhshaoil plean nó tionscadail ar láithreán faoi chosaint, meabhraíonn an Chúirt go bhfuil an ceanglas maidir le measúnú iomchuí a dhéanamh ar impleachtaí plean nó tionscadail den sórt sin faoi réir an dá choinníoll charnacha seo a leanas: nach bhfuil baint ag an bplean nó an tionscadal atá i gceist le bainistíocht an láithreáin lena mbaineann nó nach bhfuil sé riachtanach agus gur dócha go mbeidh tionchar suntasach aige ar an láithreán.

Is é is cuspóir do chéim an scagtha a chinneadh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha sin.

Maidir leis an gcéad choinníoll, tugann an Chúirt faoi deara nach bhfuil sé fíor-riachtanach cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán faoi chosaint a ghlacadh chun a fháil amach an bhfuil baint dhíreach ag an bplean nó ag an tionscadal atá i gceist le bainistiú an láithreáin lena mbaineann nó an bhfuil gá leis.

Ar an gcaoi chéanna, chun críocha scrúdú a dhéanamh ar an dara coinníoll, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfar láithreáin faoi chosaint a bhféadfadh plean nó tionscadal difear a dhéanamh dóibh a shainaithint gan na cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach le gach ceann de na láithreáin faoi chosaint a chur san áireamh go háirithe i gcás ina bhfágann teorannú an limistéir gheografaigh ar dócha go mbeadh tionchar ag an bplean nó an tionscadal air gur féidir aon bhaol go ndéanfar difear do láithreáin áirithe faoi chosaint a eisiamh, leis an gcinnteacht a cheanglaítear faoi phrionsabal an réamhchúraim, ar bhonn critéir oibiachtúla, amhail an t-achar idir an plean nó an tionscadal céanna agus na láithreáin faoi chosaint agus cibé acu atá nó nach bhfuil conairí sochreidte tionchair ann.

Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil na láithreáin faoi chosaint laistigh den limistéar geografach sin, ní féidir leis na húdaráis náisiúnta inniúla measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht nó ar an mbaol go mbeidh tionchar suntasach ag an bplean nó ag an tionscadal sin ar na láithreáin sin gan na cuspóirí caomhnaithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán a chur san áireamh.